Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

# FÓGRA MAIDIR LE hATHRUITHE ÁBHARTHA AR DHRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE MHUINEACHÁIN 2025-2031

Tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhaltaí Chomhairle Contae Mhuineacháin, tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Mhuineacháin agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh i ndáil leis na haighneachtaí a fuarthas, i gcomhréir le hAilt 12(6) agus (7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), leasú a dhéanamh ar an Dréachtphlean.

Is ionann na leasuithe beartaithe agus Athruithe Ábhartha ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031.

Rinneadh measúnú ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an gcomhshaol dá gcuirfí chun feidhme na hAthruithe Ábhartha beartaithe i gcomhréir le hAlt 12(7)(aa) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Cinneadh go dteastaíonn Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnú Cuí (AA) maidir le hathruithe áirithe atá beartaithe. Cuirtear an fhaisnéis seo i leanas i dTuarascáil Comhshaoil SEA agus Tuarascáil Tionchar Natura comhdhlúite.

I gcomhréir le hAlt 12(7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Alt 13G de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (arna leasú), beidh cóip de na hAthruithe Ábhartha atá beartaithe leis an Dréachtphlean, an SEA agus Cinntí Scagtha MC, Tuarascáil Comhshaoil SEA, Tuarascáil Tionchar Natura agus Measúnú Straitéiseach um Riosca Tuile maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí ón 13 Márta 2025 go dtí 5pm an 10 Aibreán 2025 agus tá siad ar fáil le breathnú orthu ar líne ag:

https://monaghan.ie/planning/monaghan-county-development-plan-2025-2031/

Beidh cóipeanna priontáilte de na doiciméid ar fáil lena n-iniúchadh sna háiteanna a leanas:

- An Oifig Pleanála, 1 Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Mhuineacháin, H18 X982 ó 9.15am-1.00pm agus 1.30pm-5.00pm
- Oifig Cheantar Bardasach Mhuineacháin, An Gleann, Baile Mhuineacháin, H18 YT50 ó 9.00am-1.00pm agus 1.30pm-5.00pm
- Oifig Cheantar Bardasach Bhaile na Lorgan-Charraig Mhachaire Rois, Bóthar Chois Abhann, Carraig Mhachaire Rois, A81 HY83, idir 9.00am-5.00pm
- Oifig Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois, An Diamant, Cluain Eois, Co. Mhuineacháin, H23 X378 ó 9.15am-5.15pm
- Leabharlann Bhrainse Bhéal Átha Beithe, Cúirt na Beithe, An Phríomhshráid, Béal Átha Beithe, A75 TR79
- Leabharlann Bhrainse Charraig Mhachaire Rois, Bóthar Chois Abhann, Carraig Mhachaire Rois, A81 HY83
- Leabharlann Bhrainse Bhaile na Lorgan, Lóiste an Gheata 2, Cearnóg an Mhargaidh, Baile na Lorgan, A75 V383
- Leabharlann Bhrainse Chluain Eois, Ascaill 98, Cluain Eois, H23 RW70
- Leabharlann Bhrainse Mhuineacháin, Campas Síochána, Bóthar na Plandála, Muineachán H18 RP20

Chun uaireanta oscailte na leabharlann brainse a fháil tabhair cuairt ar https://monaghan.ie/library/branch-locator/

**Aighneachtaí/Barúlacha**

Is féidir aighneachtaí nó barúlacha i ndáil leis na hAthruithe Ábhartha beartaithe agus na doiciméid bhainteacha uile a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás Pleanála ón **Déardaoin an 13 Márta 2025 go dtí 5pm Déardaoin an 10 Aibreán 2025.** Is féidir aighneachtaí nó barúlacha a dhéanamh ar **cheann** de na bealaí a leanas:

- Trí chlárú ar líne ag https://consult.monaghancoco.ie/
- Ar ríomhphost chuig devplan@monaghancoco.ie nó
- Tríd an bpost chuig, An tAonad um Pleanáil Chun Cinn, Rannóg Pleanála, 1 Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Mhuineacháin, H18 X982

Is gá go mbeadh ainm iomlán agus seoladh/seoladh ríomhphoist an duine/na ndaoine a bhfuil an aighneacht nó an bharúil á tabhairt acu mar chuid díobh agus i gcás inar iomchuí, an comhlacht nó eagraíocht ar a bhfuil ionadaíocht á déanamh le haighneachtaí nó barúlacha. D'fhéadfaí na sonraí lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a bhfuil aighneachtaí nó barúlacha á ndéanamh acu a roinnt le Rannóga ábhartha na Comhairle nó a ngníomhairí atá bainteach i ndéanamh an Phlean Forbartha.

Ní chuirfear san áireamh **ach amháin** aighneachtaí nó barúlacha i scríbhinn a fhaightear sa tréimhse thuas sula ndéantar Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin, 2025-2031. **Ní bhreathnófar ar aighneachtaí deireanacha.**

Má theastaíonn faisnéis bhreise uait maidir le próiseas an Phlean Forbartha nó más mian leat labhairt le ball den Fhoireann um Pleanáil Chun Cinn, glaoigh ar 047 30532.

Cathal Flynn
Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pleanáil agus Tionscadail Chaipitil